


An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Meastóireacht Scoile Uile
TUAIRISC**

**Gaelscoil Eiscir Riada,
Bóthar an Ghrífin, Leamhcán, Co. Bhaile Átha
Cliath
Uimhir rolla: 202231**

Dáta na cigireachta: 16 Deireadh Fómhair



**AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

1. Réamhrá

Is bunscoil lán-Ghaeilge faoi phátrúnacht An Fhorais Phátrúnachta í Gaelscoil Eiscir Riada, Tá sí lonnaithe i Leamhchán, Co. Bhaile Átha Cliath. Tá 480 dalta, beirt mhúinteoir is fiche agus beirt chúntóir riachatanais speisialta sa scoil. Le linn na meastóireachta scoile uile bhreathnaigh cigirí ar theagasc agus ar fhoghlaim i ndeich seomra ranga agus i dtrí shuíomh um theagasc tacaíochta. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

2. Achoimre ar thátail agus ar mholtaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomhláidreachtaí** obair na scoile:

- Is cinnire scoile an-mhaith í an príomhoide agus tá ceannaireacht an-éifeachtach ag an scoil.
- Cothaítear atmaisféar an-oscailte sa scoil agus braitear gaol an-mhaith idir baill phobal na scoile.
- Tá na daltaí cúirtéiseach agus tugann siad faoin a bhfoghlaim le díograis.
- Tá an phleanáil uile-scoile agus an fhéinmheastóireacht scoile ar chaighdeán an-ard.
- Tá cur chuige uile-scoile éifeachtach i bhfeidhm do an-chuid gnéithe den churaclam.
- Tá an tacaíocht do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais ar ardchaighdeán.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Moltar do na múinteoirí gníomhaíochtaí foghlama níos dúshlánaí a sholáthar do na daltaí agus níos mó úsáide a bhaint as modhanna mar ghníomhaíocht agus foghlaim threoraithe agus ceisteanna ardoird.
- Nuair atá na múinteoirí ag múineadh teangacha, ba chóir dóibh gníomhaíochtaí san obair ó bhéal, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht a chomhtháthú níos dlúithe lena chéile.
- Sa Drámaíocht, ba chóir eispéireas níos saibhre a sholáthar do na daltaí bunaithe ar mhodhanna agus ar chuspóirí ábhair an churaclaim.

3. Cáilíocht bhainistíocht na scoile

- Tugann an bord rialachas an-éifeachtach don scoil. Tá sé ar chumas an bhoird na dualgais a bhaineann le boird bhainistíochta a chomhlíonadh go cumasach. Bíonn cruinnithe rialta acu, ag a bpléann siad réimse leathan d'ábhair. Moltar an obair atá déanta ag an mbord éiteas na scoile a chothú agus acmhainní na scoile a choinneáil ar ardchaighdeán. B'fhiú don bhord forbairt a dhéanamh ar a modhanna cumarsáide le pobal na scoile.
- Tá foireann bhainistíochta inscoile an-chumasach ag an scoil. Is cinnire scoile an-mhaith í an príomhoide, cuireann sí béim ar theagasc agus foghlaim a fheabhsú agus cothaíonn sí atmaisféar oscailte mórthimpeall na scoile. Tá dualgais chinnte thar na réimsí riaracháin, curaclaim agus tréadach ar gach ball den fhoireann bhainistíochta inscoile. Comhlíontar na dualgais seo go cumasach agus déantar athbhreithniú rialta orthu. Moltar go mór an nós coistí múinteoirí a bhunú chun gnéithe éigin de chleachtas na scoile a fhorbairt, mar go dtugann sé deis chinnreachta do go leor múinteoirí.
- Cothaítear gaol an-dearfach idir tuismitheoirí agus múinteoirí. Ag an gcruinniú réamh-mheastóireachta mhol ionadaí na dtuismitheoirí a éasca is atá sé teagmháil a dhéanamh le múinteoirí. Léiríonn torthaí na gceistneoirí, a líon na tuismitheoirí isteach mar chuid den mheastóireacht seo, go mbraitheann fórmhór díobh go mbíonn fáilte rompu sa scoil, go riartar an scoil go maith agus go gcaitear go cothrom lena bpáistí inti.
- Moltar an scoil as an eolas an-tábhachtach a chuireann siad ar fáil do thuismitheoirí faoi chúrsaí oideachais trí chéile agus faoi oideachas a bpáistí. Roimh theacht ar scoil dá bpáistí, faigheann tuismitheoirí eolas an-oiriúnach. I rith a saoil scoile roinntear eolas an-luachmhar faoi nithe mar churaclam na bliana.
- Tá cumann tuismitheoirí an-mhaith ag an scoil. Bíonn obair an-fhiúntach ar siúl acu, idir fhondúireacht, thograí ar mhaithe na scoile agus inchur i ndreachtú polasaithe.
- Déantar bainistíocht an-éifeachtach ar na daltaí agus sonraítear gaol dearfa idir iad agus na múinteoirí. Dearbhaíonn formhór na ndaltaí, sna ceistneoirí a líon siad isteach le linn na measúnaithe, go dtaitníonn an scoil leo agus go mothaíonn siad sábháilte inti. Léiríonn na ceistneoirí freisin go bhfuil na daltaí ar an eolas faoi chineálacha éagsúla bulaíochta agus faoin a bhfuil le déanamh má dhéantar bulaíocht orthu.
- Is mór is fiú na hiarrachtaí atá déanta ag an scoil nasc a chothú leis an bpobal Gaelach agus leis an bpobal sa cheantar máguaird.

4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Is beag gné gur féidir a fheabhsú sa phróiseas pleanála uile-scoile. Tá traidisiún láidir pleanála straitéisí sa scoil. Tá na pleananna riacharáin agus curaclaim ar fad ar ardchaighdeán. Moltar anois don fhoireann bhainistíochta inscoile monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpleananna curaclaim sna seomraí ranga aonair.
- Déanann na múinteoirí pleanáil de chaighdeán maith da gcuid múinteoireachta. Leagann na pleananna amach an t-ábhar atá le clúdach ag gach rang go soiléir. D'fhéadfaí pleanáil níos cuimsithí a dhéanamh d'fhorbairt teanga na ndaltaí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla labhartha. Déantar pleanáil d'ardchaighdeán do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais.

- Tá tús an-mhaith curtha ag an scoil d'fhéinmheastóireacht scoile. Féachtar chuige go bhfuil sí bunaithe ar fhianaise agus dírithe ar dhifriocht a dhéanamh i bhfoghlaim na ndaltaí agus i gcáilíocht an teagaisc.
- Thug údaráis na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*.

5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Tá caighdeán an teagaisc sa scoil ar chaighdeán maith, le gnéithe gur féidir a fheabhsú. Is léir go bhfuil cur chuige uile-scoile i bhfeidhm d'an-chuid gnéithe den churaclam agus go mbíonn na múinteoirí ag comhoibriú lena chéile. Cruthaítear suímh fhoghlama an-spreagúil i ngach seomra. Bhí na ceachtanna uile a breathnaíodh struchtúrtha go maith agus faoi threoir torthaí foghlama. I gcuid de na ceachtanna roinneadh na torthaí seo leis na daltaí. Baineadh úsáid oiriúnach as rang teagaisc, obair ghrúpa agus obair i bpéirí. Labhraíonn na daltaí go muiníneach faoin a bhfoghlaim. Moltar do na múinteoirí gníomhaíochtaí foghlama níos dúshlánaí a sholáthar do na daltaí agus níos mó úsáide a bhaint as modhanna mar ghníomhaíocht agus foghlaim threoraithe agus ceisteanna ardoird.
- Tá an cleachtas sa Ghaeilge éifeachtach. Cothaítear atmaisféar fábharch don Ghaeilge sa scoil. Léiríonn na daltaí tuiscint an-mhaith ar an nGaeilge agus labhraíonn siad í go líofa. Tá na feidhmeanna teanga curtha in oiriúint do na rangléibhéil ar fad agus úsáideann na daltaí iad le muinín. Déantar obair rialta ar chóras fuaimeanna na Gaeilge agus tá taithí ag na daltaí ar chineálacha éagsúla téacsanna a léamh. Tá cur-chuige uile-scoile i bhfeidhm sa scríbhneoireacht a chinntíonn go mbíonn deis ag na daltaí scríobh i réimse leathan seánraí. Chun tuilleadh feabhais a chur ar ghnóthachtáil na ndaltaí sa Ghaeilge, moltar do na múinteoirí ceachtanna sainiúla a sholáthar atá dírithe ar chumas teanga na ndaltaí a shaibhriú agus a fhorbairt.
- The quality of teaching and learning in English is good. Teaching is informed by a range of effective whole-school approaches in areas such as reading comprehension and spelling. There is a specific emphasis on oral language in all classes and oral work is an integral feature of in-class support for pupils. Graded-reading materials are used well and pupils read with fluency and understanding. In writing there is a consistent use of drafting and editing and pupils write in a variety of genres. There is scope, however, to improve the quality of their written work. Teachers should include a broader range of poetry in class programmes, especially in middle and senior classes.
- *Tá caighdeán an teagaisc agus na foghlama sa Bhéarla go maith. Tá an teagasc bunaithe ar raon de chur chuige éifeachtach uile-scoile i ngnéithe mar léamhthuiscint agus litriú. Tá béim ar leith ar theanga ó bhéal i ngach rang agus tá sé mar chuid lárnach de thacaíocht inranga do dhaltaí. Baintear dea-úsáid as ábhar léitheoireachta céimnithe agus léann na daltaí le brí agus le tuiscint. Sa scríbhneoireacht baintear úsáid chomhsheasmhach as dréachtú agus eagarthóireacht agus scríobhann na daltaí i réimse seánraí. Tá scóp, áfach, chun caighdeán obair scríofa na ndaltaí a fheabhsú. Ba chóir do na múinteoirí réimse níos leithne d'fhillíocht a chur san áireamh sna cláir ranga, ach go háirithe sna meán agus ardranganna.*

- When teachers are teaching languages they should integrate learning activities in oral, reading and writing more closely integrated in order to further improve pupils' language competencies and fluency.
- *Nuair atá na múinteoirí ag múineadh teangacha, ba chóir dóibh gníomhaíochtaí san obair ó bhéal, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht a chomhtháthú níos dlúithe lena chéile.*
- Tá an cleachtas sa Mhata inniúil. Cruthaítear atmaisféar fabhrach don Mhata agus sonraítear rian soiléir de chur chuige uile-scoile sa Mhata. Tá gnóthachtáil na ndaltaí sna scrúduithe caighdeánta Mhata go han-mhaith. Sna ranganna uile, cuirtear béim cheart ar theanga an mhata, ar úsáid nithe coincreideacha agus ar mhata ó bhéal. Baintear úsáid éifeachtach as difreálú i gcuid de na ranganna agus moltar an cleachtas a fhorbairt i ngach rang. B'fhiú do gach múinteoir deiseanna a sholáthar do na daltaí a scileanna mata a úsáid trasna na snaithe uile. Ba chóir freisin tuilleadh deiseanna a sholáthar do na daltaí a bhfreagraí agus a modhanna a fhirniú agus a mhíniú dá chéile.
- Tá scóp chun soláthar do Dhrámaíocht a fhorbairt. Le linn na measúnuithe chonacthas ceachtanna ar chaighdeán idir leordhóthaineach agus maith. Sna ceachtanna uile cruthaíodh suíomh sábháilte do na daltaí agus ghlac siad páirt iontu le fonn. Sna ceachtanna is fearr, díriodh aird na ndaltaí ar eilimintí na drámaíochta mar chreideamh, am agus suíomh. Ar bhonn leanúnach tá gá le heispéireas níos leithne agus níos saibhre a sholáthar do na daltaí bunaithe ar mhodhanna agus ar chuspóirí ábhar an churaclaim. Ba chóir freisin a chinntiú go mbíonn dul chun cinn sna cuspóirí ábhar ó leibhéal go leibhéal.
- Tá córas uile-scoile an-mhaith don mheasúnú i bhfeidhm a thosaíonn roimh theacht ar scoil do na daltaí. Cuirtear trialacha diagnóiseacha agus caighdeánta ar na daltaí ag tréimhsí oiriúnacha ina saol scoile, agus déantar anailís an-mhaith ar thorthaí na dtrialacha seo. Cuirtear béim mhaith ar mheasúnú chun foghlama i ngach rang. B'fhiú do na múinteoirí tuilleadh airde a dhiriú ar aiseolas cuiditheach a thabhairt do na daltaí ar a gcuid oibre scríofa agus an t-aiseolas seo a úsáid d'fhonn obair na ndaltaí a fheabhsú.

6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltai

- Tá ardchaighdeán sa teagasc do dhaltai le riachtanais speisialta oideachais. Tá an teagasc dirithe ar phríomh-riachtanais fhoghlama na ndaltaí. Cleachtaítear raon leathan de mhodhanna tacaíochta agus cothaítear gaol dearfach leis na daltaí.
- Cloíonn polasaí agus cur chuige na scoile i leith tacaíochta do dhaltai le Contam na Tacaíochta. Oibríonn na múinteoirí tacaíochta ar fad go han-éifeachtach mar fhoireann agus coinnítear teagmhail rialta idir an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta. Moltar an cleachtas seo go mór.

Aguisín

Freagra na scoile ar an tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Fáiltíonn Bord Bainistíochta, foireann agus Cumann na dTuismitheoirí Ghaelscoil Eiscir Riada roimh an tuairisc dearfach MSU seo. Táimid thar a bheith sásta go bhfuil aitheantas tugtha d'obair dhian na múinteoirí agus d'ard-chaighdeán na hoibre sa scoil.

Tá an Bord an-sásta go bhfuil aitheantas tugtha do dhea-iompar agus do dhea-bhéasaí dhaltaí na scoile, agus don tacaíocht láidir dearfach a thugann tuismitheoirí na scoile do Ghaelscoil Eiscir Riada.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

Tá an Bord ag diriú ar mholtaí na geigirí sa tuairisc MSU I gcomhpháirtíocht leis an bhfoireann agus pairtnéirí na scoile, chun leanúint le forbairt na scoile.